# Ceisteanna Samplacha le haghaidh Suirbhé ar Thuismitheoirí/ Caomhnóirí Scoláirí ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí

**NÓTAÍ TÁBHACHTAÍ**

Is féidir leis an suirbhé samplach seo a úsáid chun cuid den ghuth tuismitheora/caomhnóra ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí a thaifeadadh, rud atá ina chuid de phleanáil le haghaidh treoir scoile uile.

*"Agus plean treorach scoile uile á chruthú, cuirtear na riachtanais shainaitheanta atá ag scoláirí agus ag tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí san áireamh. Is ionann é sin agus cur chuige sonraíbhunaithe i leith na pleanála, rud is féidir a éascú ar chuid mhór bealaí. Mar shampla, d'fhéadfaí suirbhé a dhéanamh ar ghrúpa scoláirí nó d'fhéadfaí fócasghrúpaí machnamhacha a eagrú le tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí/scoláirí."* ROÓ, Ciorclán 01/2025, lch 3.

Léirítear sa tsuirbhé **ceisteanna agus téamaí a d'fhéadfaí** a iarraidh ar thuismitheoirí/ caomhnóirí scoláirí na Sráithe Sóisearaí chun a léargais a fháil, agus chun smaointeoireacht a chur chun cinn tráth a bhíonn an phleanáil treorach scoile uile á déanamh, á athrú, nó á forbairt agaibh.

Is féidir an leagan seo - Suirbhé ar Thuismitheoirí/ Caomhnóirí Scoláirí ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí – **a athrú agus a chur in oiriúint de réir do chomhthéacs féin.**


**Tabhair do d'aire:** Maidir leis an leagan den suirbhé a d'úsáidfí i do scoil féin, **is fiú machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas ar dtús**:

- **cén fáth** a ndéanfar suirbhé ar na tuismitheoirí/ caomhnóirí? (e.g. chun an clár treorach scoile uile sa scoil a mheas / chun eolas a dhéanamh do phleanáil treorach scoile uile trí ghuth tuismitheora/caomhnóra maidir leis na nithe atá tábhachtach dóibh a fháil / le haghaidh cúis eile nach iad)?
- **cad é an fhaisnéis** is mian leat a fháil ó na tuismitheoirí/caomhnóirí? ?
- **cé mhéad** ceist a theastaíonn chun an fhaisnéis a theastaíonn uait a ghabháil?
- **cad iad** na ceisteanna is úsáidí chun an fhaisnéis a theastaíonn uait a ghabháil (teastaíonn machnamh ar fhoclaíocht sna ceisteanna chomh maith)?
- **cad é an tuiscint** maidir le treoir scoile uile a d'fhéadfadh a bheith ag tuismitheoirí/caomhnóirí cheana (i.e. an dteastaíonn réamheolas uathu)?
- cad é an **leagan amach** is úsáidí don fhoireann treorach scoile uile chun guth tuismitheora/ caomhnóra a anailisiú?
- cuimhneamh ar chomhthéacs.
- cuimhneamh ar RGCS (**an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**).


Níl sé beartaithe go mbeidh an leathanach seo sa suirbhé: is ar mhaithe le tagairt amháin atá sé.

# Treoir Scoile Uile (TSU)

*“Maidir le **Treoir Éifeachtach Scoile Uile**: Cuimsíonn sí trí réimse atá ar leithligh ó chéile ach atá idirnasctha le chéile, is iad sin: forbairt **phearsanta agus shóisialta**; treoir **oideachais**; agus treoir **gairme**.”* (ROÓ, Ciorclán 01/2025, lch.4)





*“Is é atá i gceist le Treoir a sholáthar san earnáil iar-bhunscoile ná pleanáil le haghaidh **raon eispéireas foghlama ... i seicheamh forbarthach** agus lena gcabhraítear le scoláirí forbairt a dhéanamh ar **scileanna féinbhainistíochta** arb é an toradh a bheidh orthu **ná roghanna éifeachtacha agus cinntí éifeachtacha** maidir lena saol”.* (ROÓ, Nóta Faisnéise TC 0001/2024, lch.2)








*“Is é atá i **gclár treorach scoile uile** ná **liosta soiléir sainithe** de **ghníomhaíochtaí** agus **eispéiris foghlama** a sholáthraíonn **pearsanra scoile** (lena n-áirítear an treoirchomhairleoir, ach gan a bheith teoranta dó/di) **do gach scoláire**”*. (ROÓ, Ciorclán 01/2025, lch. 2)




*“Áireofar le clár treorach treoir **seomra ranga,** seisiúin **ghrúpa**, cruinnithe **duine le duine** agus a lán **gníomhaíochtaí** treorach **curaclaim** agus **comhchuraclaim** eile.”* (ROÓ, Nóta Faisnéise TC 0001/2024, lch.3)



TSU - Suirbhé ar Thuismitheoirí/Caomhnóirí ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí

**Ceapadh an suirbhé seo chun guth tuismitheora/caomhnóra a ghabháil in [ __** ionsáigh ainm na scoile__] **chun tacú le forbairt ár bplean treorach scoile uile. Déanfaidh an fhoireann treorach scoile uile anailísú ar na freagraí a thabharfar sa suirbhé. Ní roinnfear céannacht (aitheantas) tuismitheoirí/caomhnóirí ná a gcuid bhfreagraí lasmuigh den fhoireann sin.**

**1. Cén bhliainghrúpa ina bhfuil do leanbh?**

- ☐ 1ú
- ☐ 2ú
- ☐ 3ú
- ☐ 4ú
- ☐ L1
- ☐ L2

**2. An dtuigeann tú go soiléir cad is brí le 'treoir scoile uile'?**

- ☐ D'fhéadfainn cad is brí le treoir scoile uile a mhíniú do dhuine eile
- ☐ Ceapaim go dtuigim cad is brí leis.
- ☐ Nílim cinnte cad is brí leis.
- ☐ Níl a fhios agam cad is brí leis.

**3. In [**ainm na scoile________________________], **cá bhfaigheann do leanbh, an dóigh leat, tacaíocht le haghaidh aon cheann dá bhforbairt phearsanta shóisialta, forbairt oideachasúil, agus/nó forbairt ghairme?**

(Cuir tic ar gach ceann a bhaineann le hábhar)

- ☐ Bunmhúinteoirí
- ☐ Baill eile na foirne
- ☐ Múinteoirí Ranga / Cinn Bhliana.
- ☐ Séiplíneach
- ☐ Treoirchomhairleoir
- ☐ Ceannairí Scoile Sinsearacha (Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach)
- ☐ Ranganna ábhair
- ☐ Ranganna folláine (OSPS, CO, OSSP, Treoir)
- ☐ Aoichainteoirí
- ☐ As imeachtaí a eagraíodh ar scoil agus lasmuigh den scoil
- ☐ Eile (Tabhair sonraí) ______________________________________

**4. Tacaíochtaí ar scoil.** Tabhair "**Is ea**" **nó** "**Ní hea**" (nó a chothrom) ar na ceisteanna seo a leanas:

| | **Is ea** | **Ní hea** |
|---|---|---|
| An bhfuil a fhios ag do leanbh cé hé an té a n-iarrfaidh siad tacaíocht air dá dteastódh sé uathu ar scoil? | | |
| An bhfuil a fhios ag do leanbh cé hé an múinteoir ranga, oide, nó ceann bliana atá luaite leo? | | |
| An bhfuil a fhios ag do leanbh conas tacaíocht a lorg ar an múinteoir ranga, oide, nó ceann bliana atá luaite leo? | | |
| An bhfuil a fhios ag do leanbh cé hé/hiad an treoirchomhairleoir (na treoirchomhairleoirí)? | | |
| An bhfuil a fhios ag do leanbh conas coinne a dhéanamh lena dtreoirchomhairleoir, dá mbá gá? | | |
| An bhfuil aithne agat ar aon duine de na múinteoirí nó den fhoireann atá ina bhall den Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí i scoil do linbh? | | |
| *[seo spás do cheisteanna eile a bhaineann le do chomhthéacs scoile féin]* | | |
| | | |

**5. Ó do thaobhsa de, tabhair measúnú ar an tábhacht atá leis na gnéithe seo a leanas i bhfhorbairt phearsanta shóisialta, forbairt oideachasúil, agus forbairt ghairme do linbh.** Cuir tic leis an mbosca cuí.

Forbairt Phearsanta agus Shóisialta Treoir Oideachasúil Gairmthreoir Treoir Ghinearálta

| | **Beagán tábhachta leis** | **Roinnt tábhachta leis** | **Tábhacht mhór leis** |
|---|---|---|---|
| 'Oíche Oscailte' ar son scoláirí sa 6ú rang. | | | |
| Gníomhaíochtaí Ionduchtúcháin (Socrú Isteach) chun tacú leis an aistriú go hIar-bhunscoil. | | | |
| Tacaíochtaí breise ar son scoláirí sa chéad bhliain sna chéad seachtainí san iar-bhunscoil. | | | |

TSU - Suirbhé ar Thuismitheoirí/Caomhnóirí ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roghanna ábhair: eolas a bhaineann le hábhair agus conas iad a roghnú. | | | |
| Ranganna a bhaineann le Folláine, m.sh. OSPS, OSSP, CO, Treoir, agus ábhair folláine eile nach iad. | | | |
| Réimse straitéisí teagaisc agus foghlama in úsáid sa seomra ranga. | | | |
| Gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt Phearsanta agus Shóisialta / forbairt Oideachasúil / forbairt Ghairme. | | | |
| Aoichainteoirí a bhaineann le forbairt Phearsanta agus Shóisialta / forbairt Oideachasúil / forbairt Ghairme. | | | |
| Spriocanna pearsanta a thabhairt chun aire agus modhanna chun iad a bhaint amach a fhiosrú. | | | |
| Ag foghlaim faoin dóigh chun eagrú agus pleanáil (m.sh. ábhair scoile, obair bhaile, bainistiú ama, staidéar etc). | | | |
| Foghlaim conas foghlaim, agus cleachtadh scileanna staidéir. | | | |
| Úsáid suíomhanna gréasáin agus aipeanna a thacaíonn le foghlaim agus staidéar. | | | |
| Plé a dhéanamh ar ról meoin san fhoghlaim agus san fhorbairt phearsanta. | | | |
| Luachanna pearsanta, láidreachtaí, agus suimeanna a aithint. | | | |
| Tacaíocht maidir le hullmhú le haghaidh MRBanna (Measúnuithe Rangbhunaithe) agus le haghaidh measúnuithe tionscadail agus measúnuithe praiticiúla eile. | | | |
| Tacaíocht maidir le hullmhú le haghaidh scrúduithe scríofa scoile agus stáit. | | | |
| Aiseolas ó mhúinteoirí tar éis scrúduithe. | | | |
| Cruinnithe Tuismitheoirí is Múinteoirí (Caomhnóirí is Múinteoirí). | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tacaíochtaí Breise le haghaidh deacrachtaí oideachasúla/pearsanta/sóisialta. | | | |
| Forbairt scileanna chun déileáil le hamanna struis. | | | |
| Foghlaim faoi roghanna cúrsa agus roghanna (conaire) gairme nuair a chríochnóidh tú scoil. | | | |
| Naisc a dhéanamh idir roghanna ábhair agus gníomhaíochtaí foghlama le conairí agus gairmeacha beatha. | | | |
| Gníomhaíochtaí a bhaineann le foghlaim faoi ghairmeacha beatha agus poist amach anseo (e.g. 'Oíche faoi Ghairmeacha') | | | |
| Taighde a dhéanamh ar ghairmeacha m.sh. fiosrú gairme. | | | |
| Tacaíocht chun cinneadh feasach maidir le conairí na sraithe sinsearaí a dhéanamh (m.sh. an Idirbhliain / L1 / L2 / ATF / an tSraith Shinsearach srl. a dhéanamh). | | | |
| Ullmhú le haghaidh an aistrithe go dtí an tsraith shinsearach. | | | |
| *[seo spás do cheisteanna eile a bhaineann le do chomhthéacs scoile féin]* | | | |
| | | | |

**6. Ó do thaobhsa de, an gníomhaíocht fhóinteach a bheidh i/in [**gníomhaíocht threorach scoile uile, e.g. 'Seachtain Staidéir'________________________ **]?**

- ☐ Beidh
- ☐ Ní bheidh
- ☐ Nílim cinnte

**7. Aiseolas nó moltaí ar bith atá le forbairt níos mó [**e.g 'Seachtain Staidéir'________________________ **]**

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**8. Aon aiseolas nó moltaí eile a bhaineann le gné ar bith de threoir scoile uile i scoil do linbh?**

**An bhfuil réimsí eile is féidir a thuilleadh forbartha a dhéanamh orthu sa scoil seo maidir le treoir Phearsanta agus Shóisialta, treoir Oideachasúil, agus/nó Gairmthreoir?**

*Deireadh an tSuirbhé. Go raibh maith agat as do rannpháirtíocht.*